

Gruama, an tSióg Ghránna


Séideán Sí



Siobhán Ní Dhúill
Christine Warner a mhaisigh

Gruama, an tSióg Ghránna



Siobhán Ní Dhúill
Christine Warner a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Christine Warner

xxxxxxxxx a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1



Oíche Nollag a bhí ann i dTír na Sí.

Tháinig Daidí na Nollag ar a charr sleamhnáin.



‘Tá liosta fada go maith ag na sióga,’ arsa Daidí na Nollag agus é ag léamh an liosta.



Bhuail tuirse Daidí na Nollag.
'Ó, táim tuirseach,' ar seisean
agus leag sé an liosta uaidh ar an
mbord. Ansin shuigh sé síos agus
thit a chodladh air.



Nuair a bhí Daidí na Nollag ina chodladh tháinig Gruama, an tsióg ghránna, isteach.

‘Cá bhfuil an liosta sin?’ ar sise.

‘Liosta na mbréagán!’



Leis sin chonaic sí an liosta ar an mbord.

‘Tá sé agam!’ ar sise agus chuir sí an liosta ina póca.



Ansin thóg sí liosta eile amach as
a póca agus leag sí ar an mbord é.
'Há! Há!' ar sise agus amach an
doras léi.



Tar éis tamaill dhúisigh Daidí na Nollag.

‘A Ríona, cá bhfuil tú?’ ar seisean. Isteach le Ríona.



‘Tá sé in am na bronntanais a thabhairt do na sióga,’ arsa Daidí na Nollag le Ríona.

Thug sé an liosta di.

‘Cuir ainm ar gach bronntanas,’ ar seisean léi.



Chuir Ríona ainm ar gach
bronntanas.



Ansin thug sí na bronntanais
do na sióga.



Ach ní mó ná sásta a bhí na
sióga nuair a d'oscail siad
na bronntanais.



‘Ní bhfuair mise an rud a bhí uaim,’
arsa sióg amháin.

‘Ná mise ach an oiread,’ arsa sióg
eile.



‘Ní bhfuair mise an tarracóir a bhí
uaim,’ arsa sióg eile fós. ‘Bábóg a
fuair mé!’

‘Ní thuigim é seo,’ arsa Ríona.



Amach le Ríona go dtí an carr
sleamhnáin. Cé a bheadh istigh
sa charr sleamhnáin ach Gruama,
an tsióg ghránna!



Rith Gruama nuair a chonaic sí
Ríona ag teacht. Rith Ríona
ina diaidh.



Go tobann thit Gruama.

‘Tá tú agam anois!’ arsa Ríona léi.

Is ansin a thit píosa páipéir as póca
Ghruama.



‘Liosta atá ann,’ ar Ríona. ‘Liosta
bronntanais Nollag. Cá bhfuair tusa
é seo?’

Cá bhfuair tusa é seo?



‘Tá brón orm,’ arsa Gruama. ‘Ná habair aon rud le Daidí na Nollag. Ní dhéanfaidh mé aon rud mar sin go deo arís!’



‘Tuigim an scéal anois,’ arsa Ríona.
‘Tusa a thóg an liosta ceart!
Tar in éineacht liomsa anois agus
tabharfaimid na bronntanais
chearta do na sióga.’



‘Maith go leor,’ arsa Gruama.

Thug Ríona agus Gruama na
bronntanais chearta do na sióga.

Go raibh míle maith agaibh.



Bhí liosta fada go maith ag na
sióga do Dhaidí na Nollag.
Ach cá raibh an liosta?